



Rewarding Learning

ADVANCED (A2)

General Certificate of Education

2021

Ealaín agus Dearadh

Aonad Measúnaithe A2 2

ag measúnú

Toradh Téamach

[AAR21]

**Ar fáil ar líne ó Lúnasa 2020 d'Aonad A2 1:
Imscrúdú Pearsanta agus Criticiúil**

AG TOSÚ AR 1 FEABHRA 2021

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Ba chóir go mbeadh an obair seo comhlánaithe tuairim is seachtain amháin sula gcuirfear na marcanna chuig CCEA.

Is é **60** an marc iomlán don pháipéar seo.

Moltar d'iarrthóirí an páipéar ar fad a léamh roimh obair ar bith a thosú.

Is féidir treoir ar mhaoirseacht, ar thacaíocht agus ar fhíordheimhneacht a fháil ach í a iarraidh nó is féidir í a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA ag www.ccea.org.uk

OBAIR ULLMHÚCHÁIN

Ní mór duit obair ullmhúcháin a chur ar fáil mar thacaíocht le do Thoradh Téamach. Níl aon srianta leis an am nó an áit ar féidir tabhairt faoin obair ullmhúcháin.

Ní mór don obair ullmhúcháin **uilig** a bheith fíordheimhnithe ag do mhúinteoir.

AN FHREAGAIRT DEIRIDH

Tosaíonn an tréimhse scrúdúcháin don Toradh Théamach ar 1 Feabhra i mbliain an scrúdaithe. Caithfear an fhreagairt deiridh a chomhlánú taobh istigh den lárionad agus is féidir í a thosú am ar bith le linn na tréimhse scrúdúcháin. Ní mór di a bheith fíordheimhnithe ag do mhúinteoir.

Cuirfidh an lárionad 15 uair an chloig d'am feitheoireachta ar fáil le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlánú deiridh an tsaothair. Ba chóir an obair ullmhúcháin agus an toradh a thabhairt do do mhúinteoir le go mbeidh measúnú déanta orthu agus modhnóireacht ina dhiaidh sin ag modhnóir de chuid CCEA.

Treoracha d'iarrthóirí

A2 2, An Toradh Téamach, is páipéar spreagthach é atá socraithe go seachtrach a chuirfidh pointí tosaigh molta ar fáil a thagann amach as téama socraithe a bhíonn eisithe ag CCEA ag tús an chúrsa A2.

Is féidir tabhairt faoin téama trí cheann ar bith de na speisialtóireachtaí GCE Ealaín agus Dearadh seo a leanas:

- Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar;
- Grianghrafadóireacht agus Meáin Lionsa-Bhunaithe;
- Dearadh Tríthoiseach; nó
- Teicstílí.

Critéir Mheasúnaithe

Agus do chuid oibre á marcáil, bainfear úsáid as na cuspóirí measúnaithe seo a leanas:

- CM1 Eolas agus Tuiscint:** Smaointe a fhorbairt trí imscrúduithe marthanacha agus fócasaithe a dhéanamh a bheidh bunaithe ar fhoinsí comhthéacsúla agus eile, ag léiriú tuiscint atá anailíseach agus criticiúil.
- CM2 Próiseas cruthaitheach:** Acmhainní, meáin, ábhair, teicnící agus próisis chuí a fhiosrú agus a roghnú, agus smaointe a athbhreithniú agus a bheachtú de réir mar a fhorbraíonn obair.
- CM3 Scileanna:** Smaointe, breathnuithe agus aon léargas atá ábhartha do chuspóirí a thaifeadadh, agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar obair agus dul chun cinn.
- CM4 Toradh:** Freagairt phearsanta bhríoch a chur i láthair a chuireann cuspóirí i gcrích agus, an áit ar cuí é, a dhéanann ceangail idir eilimintí amhairc agus eile.

Anseo thíos tá leithdháileadh céatadánach na marcanna don aonad seo:

- CM1 13.3% [8 marc]
- CM2 13.3% [8 marc]
- CM3 13.3% [8 marc]
- CM4 60% [36 marc]

Ba chóir duit an páipéar ar fad a léamh.

Moltar duit tosú ar smaointe a fhiosrú don téama seo le linn Aonad 1, an tImscrúdú Pearsanta agus Criticiúil, ionas go mbeidh tú ábalta tarraingt ar d'obair agus d'fhorbairt thurgnamhach in Aonad 1 le toradh a tháirgeadh le linn Aonad 2, an Toradh Téamach.

Is féidir go bhfaighidh tú inspioráid ó na smaointe, ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí atá luaite fud fad an pháipéir, ach táthar ag dúil le go ndéanfaidh tú smaointe a fhiosrú agus obair a tháirgeadh go príomha i meáin agus i ndisciplíní a bhaineann le do speisialtóireacht roghnaithe. San Ealaíon, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar, cuimsíonn seo na disciplíní ar fad.

Tabharfaidh do mhúinteoir treoracha cruinne duit ar chomhlánú agus ar mheasúnú do chuid obair ullmhúcháin agus na socruithe atá déanta do na seisiúin tástála rialaithe agat.

Staidéar Ullmhúcháin

Ní mór duit do Léiriú Intinne, d'obair ullmhúcháin, do thoradh/thorthaí deiridh, agus do luacháil scríofa a chur i láthair le haghaidh measúnú. D'obair ullmhúcháin, ní mór di tacú le táirgeadh an toraidh deiridh agus is féidir léi bheith i bhfoirm leabhar oibre, leabhair sceitseála, leathanaigh scaoilte, nó aon mheán cuí traidisiúnta nó digiteach eile atá déthoiseach nó tríthoiseach. Ba chóir í a chur i láthair leis an toradh leis na critéir mheasúnaithe uilig atá liostaithe a chomhlíonadh.

Ní mór gur leat féin í an obair uilig a chuirtear i láthair don scrúdú seo.

Treoir

Ba chóir duit:

- Léiriú Intinne a tháirgeadh, nach bhfuil níos mó ná 300 focal ann, ina dtugtar breac-chuntas ar an dóigh a bhfuil sé ar intinn agat na smaointe seo a fhorbairt i dtreo toraidh. Níor chóir dó seo do phróiseas cruthaitheach a theorannú agus is féidir leis na cuspóirí agat athrú de réir mar a théann do chuid oibre ar aghaidh. Is féidir leat é seo a léiriú sa luacháil agat.
- An obair ullmhúcháin agat a fhorbairt agus a chur i láthair. Is féidir go gcuimseoidh sé líníochtaí, pictiúir phéinteáilte, colláisí, grianghrafadóireacht, leathanaigh dearaidh, samplaí, maquettes, nó fréamhshamhlacha atá ábhartha don speisialtóireacht agat, i meán thraidisiúnta nó dhigiteacha.
- Tuiscint a léiriú ar na heilimintí foirmiúla agus na prionsabail dearaidh a bhaineann le healaín, ceardaíocht agus dearadh.
- Réimsí eolais agus scileanna a d'fhiosraigh tú i rith an chúrsa a thabhairt le chéile agus naisc a dhéanamh eatarthu.
- Eolas a léiriú ar fheidhmeanna, ar lucht féachana, ar thomhaltóirí agus ar chomhthéacsanna a bhaineann leis an tsaol dáiríre.
- Tuiscint chomhthéacsúil a léiriú ar obair cleachtóirí eile agus ar do speisialtóireacht roghnaithe.
- Meáin, ábhair nó teicnící cuí a roghnú atá fóirsteanach le do thoradh a tháirgeadh.
- Do chuid smaointe a athrú agus a bheachtú de réir mar a théann siad chun cinn.
- Pleanáil agus ullmhú do tháirgeadh an toraidh deiridh a dhéanamh a fhoireann don am atá ar fáil.
- Toradh a tháirgeadh a léiríonn do chuid cuspóirí.
- An obair ullmhúcháin chomhlánaithe agus an toradh agat a chur i láthair i modh cuí.
- Luacháil ghairid scríofa ar an Toradh Théamach agat a chomhlánú. (Uasmhéid 300 focal)
- An obair seo a chur ar fáil le haghaidh marcáil agus modhnóireachta nuair a iarrann do lárionad ort é a dhéanamh.

TÉAMA: Suíomh

Ba mhinic a mealladh ealaíontóirí nó grúpaí d'ealaíontóirí go dtí suíomh áirithe le bheith ag obair ann. Is féidir saothair ealaíne a dhearadh do shuíomh ar leith. Déantar scannáin agus cláir theilifíse 'amuigh ar an tsuíomh'. Is féidir go mbeidh struchtúir ailtireachta ina léirithe íocónacha de shuíomh ar leith agus is féidir le leachtanna cuimhneacháin a bheith mar chomharthaí d'imeachtaí stairiúla. Nochtann suíomh na míreanna taobh istigh de shaothar an tábhacht atá leo. Is féidir obair ealaíne ar mhórscála a chruthú trí phointí ar thuras a thaifeadadh le líníocht GPS. Taifeadann ealaíontóirí an dóigh a n-athraíonn suíomhanna thar am go nádúrtha nó mar thoradh ar athrú aeráide, ar thruailliú nó ar an tionsclaíocht. Is mór an éagsúlacht i ndearadh ceardaíochta agus i stíleanna ailtireachta ag brath ar an tsuíomh.

Ar na sainmhínithe de shuíomh tá:

- *Áit nó láthair ar leith; áit lonnaithe, áit ghníomhaíochta nó áit chónaithe*
- *Fíor-áit nó timpeallacht nádúrtha ina ndéantar scannán nó craoladh*
- *Áit nó seoladh i gcuimhne ríomhaire*
- *An gníomh a bhaineann le rud nó duine a aimsiú*
- *Áit i spás*

Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar

Is féidir le healaín a bheith ina gné bhuan de shuíomh, atá cruthaithe ar an timpeallacht nó ón timpeallacht ina bhfaightear í. Is sampla luath í an mhúrealaín sna huaimheanna ag **Lascaux**. Le déanaí, tháirg **Diego Rivera** sraith múrphictiúr ar thionscail *Detroit*. Bíonn pictiúir **freascó** mar chuid dá suíomh de réir mar a nascann an lí leis an phlástar fhliuch ar an bhalla. Cruthaíonn pictiúir **Trompe L'oeil** iomrall súl de réad nó de radharc iarbhír.

Bíonn baint ag grúpaí ealaíontóirí nó daoine aonair le suíomhanna ar leith. Bhí **Ben Nicholson** agus **Barbara Hepworth** mar chuid den **St. Ives School** nuair a bhí siad tarraingthe ansin ag caighdeán an tsolais. Cuireadh le méadú ar an réalachas i bpéintéireacht san 19ú haois le péintéirí ón **Barbizon School** amhail **Jean-François Millet**. Phéinteáil **Paul Cézanne** Mont Sainte-Victoire i nDeisceart na Fraince arís agus arís eile. Tháirg **Van Gogh** pictiúir de dhathanna geala sa cheantar thart ar Arles.

Tagraíonn **Comhdhéanamh** i saothar ealaíne don tsuíomh choibhneasta de na míreanna físiúla atá ann. Léiríonn méid nó socrúchán réada nó íomhá an tábhacht a bhaineann leis. Is féidir le líne nó peirspictíocht an tsúil a mhealladh chuig an chroílár. Lonnaíonn **Paola Uccello** sleánna briste feadh línte peirspictíochta leis an tsúil a mhealladh isteach sa phictiúr, **The Battle of San Romano**. Baineann ealaíontóirí agus dearthóirí úsáid as an **Roinnt Órga** ina gcomhdhéanaimh. Baintear úsáid as **Riail na dTrianta** le míreanna comhdhéanaimh a aimsiú sa ghrianghrafadóireacht agus dearadh seit. Is minic a lonnaíonn **Jean-Baptiste-Siméon Chardin** réada de réir comhréir mhatamaiticiúil ina phictiúir d'ábhar neamhbheo.

Thaifead ealaíontóirí tionscail atá ag dul in éag i gcathracha tionsclaíochta do na glúnta atá le teacht. Tá clú ar **Jack Crabtree** as a phictiúir den tionscal mianadóireachta i nDeisceart na Breatain Bige, chomh maith lena shraith íomhánna de *Patterson's Spade Mill* i dTeampall Phádraig. Phéinteáil **William Conor** oibrithe muilinn nó oibrithe longchlóis i mBéal Feirste in aimsir na tionsclaíochta. Tá dealbha na ndugairí de chuid **Ross Wilson** lonnaithe in Oirthear Bhéal Feirste. Baineann **Emilie Taylor** úsáid as earraí traidisiúnta sliopa ina cuid ceirmeachta le suíomhanna iarthionsclaíocha, agus na daoine atá ina gcónaí iontu, a thaiscéaladh.

Dearann ailtirí struchtúir a dhearadh atá ag teacht lena suíomhanna. Déanann dearadh **Enric Miralles** de **Fhoirgneamh Pharlaimint na hAlban** tagairt dá shuíomh i dtimpeallacht na hAlban. Aithníonn dearthóirí an dóigh a gcuireann an timpeallacht tógtha feabhas ar an fholláine. Dhear **Alvar Aalto** an **Paimio Sanatorium** faoi choinne othar a raibh eitinn orthu. Dhear ailtirí amhail **Amanda Levete** **Maggie's Centres** i gcuid mhór suíomhanna le tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil ailse orthu. Cuireann **Arts Care** ealaín ar fáil d'othair agus d'fhostaithe i suíomhanna sláinte agus cúram sóisialta i dTuaisceart Éireann.

Cruthaíonn **Frances Ryan** agus **Lisa Ballard** íomhánna a thaifeadann an taithí ar shuíomhanna nó cuimhní cinn orthu, seachas íomhá ionadaíoch go díreach a chruthú. Ba mhaith le **Elizabeth Magill** go mbeadh daoine ag díriú isteach ar na mothúcháin a chorraíonn an tírdhreach agus an chuimhne. Is léiriú é an **Reflection/Soul House** le **Hiro Takahashi** ar fhoirgnimh, tírdhreacha agus gnéithe eile dá óige sa tSeapáin. Cruthaíonn **Becky Crow** seodra a léiríonn áit nó radharc.

Cruthaítear **ealaín shuíomhoiriúnaithe** nó **Ealaín Timpeallachta** do shuíomh ar leith, bíodh sé taobh amuigh nó i suíomh dánlainne. Bhain **Antony Gormley** úsáid as seantairní iarainn ó dhíon d'Ardeaglais Canterbury le dealbh úr **Transport** a chruthú don tsuíomh. Cothaíonn an tsuiteáil **Ginza** le **Emanuelle Moureaux** ina bhfuil 18,000 scáthchruth páipéir de mhná, an

mothú céanna a bheadh agat agus tú ag siúl ar shráideanna gnóthacha i dTóiceo. Cruthaíonn **Brian Connolly** agus **Alex Pentek** dealbha ar mhórsála lasmuigh in Éirinn agus ar fud an domhain.

Táirgeann cuid mhór ealaíontóirí saothar ar an tsuíomh. Streachail **J.M.W. Turner** agus **Neal Greig** leis an aimsir lena dtírdhreacha agus muirdhreacha a chruthú. Cuireann an ceirmeoir **Pascale Rentsch** péint go díreach ar leaca cré taobh amuigh ó nádúr, sula bhfoirmítear iad ina réada 3T. Is minic a phéinteálann an déantóir priontaí **Norman Ackroyd** tírdhreacha go díreach ar choparphlátaí taobh amuigh agus é ag cruthú a chuid priontaí uiscimire.

Is féidir dhá shuíomh a cheangal le chéile le droichid nó le siúláin. Tá siúlán i measc na gcrann idir an **Xiangmi Science Library** atá deartha ag **MLA+** agus páirc. Ba í ealaín na ndaoine Síneacha a spreag **NEXT Architects** leis an **Lucky Knot Bridge** a thógáil in Changsha, sa tSín. Mhol **Georges-Eugène Hausmann** agus **Le Corbusier** idéanna éagsúla maidir le pleanáil chathrach. Is féidir le dearadh a bheith mar ghné ríthábhachtach d'athnuachan suíomhanna. Cruthaíodh an pháirc **Hi Line** i Nua-Eabhrac ar stráice tréigthe de bhóthar iarainn.

Cruthaíonn dearthóirí grafaicí féiniúlachtaí físiúla do chathracha m.sh. an lógó **I LOVE NY** le **Milton Glaser**. Tá clú ar fud an domhain ar dhearaí **Art Nouveau** de chuid **Hector Guimard** do Paris Métro. Spreagadh an pobal le taisteal chuig cinn scríbe úra ag póstaer taistil amhail iad siúd le **Paul Henry** agus le **David Klein**. Póstaer don iarnród faoi thalamh i Londain, thaispeáin siad don phobal na suíomhanna a bhféadfadh siad cuairt a thabhairt orthu leis an mhodh nua iompair seo.

Grianghrafadóireacht agus Meáin Lionsa-Bhunaithe

Baineann ealaíontóirí úsáid as meáin lionsa-bhunaithe le saothar suíomhoiriúnaithe a chruthú do shuíomhanna. Chruthaigh **Bill Viola** agus **Kira Perov** *Martyrs (Earth, Fire and Water)* agus **Mary**, suiteálacha físe in Ardeaglais Naomh Pól i Londain. Is teicníc í fismhapáil nó teilgmhapáil ina dteiltgear íomhánna ar shuíomhanna nó ar réada. Bíonn **Rafael Lozano-Hemmer** agus **Krzysztof Wodiczko** ag athrú timpeallachtaí tógtha ó bhonn trí íomhánna a theilgean a athraíonn comhthéacs an tsuímh. Maisíonn **Daniel Mercadante** conairí foraoisí agus conairí trá in *Rainbow Roads* ag úsáid nochtadh fada agus glóthacha ar dhathanna geala.

Cuireann teicneolaíocht **scáileán glas** ar chumas scannánóirí aisteoirí a lonnú go fíorúil i suíomh ar bith. Is sraith ghrianghraif é *Ask the Dust* le **Cindy Bernard** a tógadh ar shuíomhanna ó scannáin mhóréilimh agus a tógadh ar uilleannacha atá cosúil leis na huillinneacha ó shuíomhanna bunaidh an cheamara. Baintear úsáid sa scannán *Koyaanisqatsi* de chuid **Godfrey Reggio**, as mallghluaiseacht agus imeacht ama tapa le tionchar an duine ar an timpeallacht nádúrtha a thaispeáint.

Is sraith de 80 íomhá a tógadh ar an tsuíomh chéanna ar eatraimh 10 nóiméad é *The Shortest Day* le **Jan Dibbets** ag an Van Abbemuseum. An grianghrafadóir de chuid Magnum, **Moises Saman**, thaifead sé an tionchar a d'imir an tubaiste núicléach ag Fukushima. Thaifead **Joel Meyerowitz** an léirscríos ag *Ground Zero*. An grianghrafadóir tírdhreacha agus comhshaolaí cáiliúil **Ansel Adams**, bhí aithne air as na híomhánna dubha agus bána d'iarthar Mheiriceá, go háirithe *Yosemite National Park*.

Is féidir le grianghrafadóirí peirspictíocht an bhreathnóra a ionramháil maidir leis an fhírinne. Cruthaíonn **Suzanne Moxhay** íomhánna fótamontáise tógtha as píosaí de thaobhanna istigh atá péinteáilte nó ar tógadh grianghraif díobh, ag imirt le peirspictíocht, le solas agus le scála. Ba thaispeántas é *Magnum Home* de shaothair le grianghrafadóirí Magnum a thaiscéaladh cad é a chiallaigh 'baile' dóibh. Thaifeadann íomhánna le **Gueorgui Pinkhassov** árasán a óige, nár baineadh dó, agus caitheann sé leis, chóir a bheith, mar a bheadh iarsmalann ann. Déanann saothar **Yvette Monahan** an caidreamh idir miotas agus tírdhreacha a fhiosrú amhail *The Thousand Year Old Boy*.

Léirigh ealaíontóirí scéalta teifeach ar cuireadh brú orthu a dtithe a fhágáil agus taisteal chuig suíomhanna nua. Thaifead grianghraif **Dorothea Lange** an bhochtaineacht faoin tuath i Meiriceá le linn an Spealta Mhóir. Déanann an tsraith *Troubled Land* le **Paul Graham** iarracht an bhearna a dhruidim idir áilleacht an tírdhreacha i dTuaisceart Éireann agus íomhánna na dTrioblóidí. Taistealaíonn **Sebastião Salgado** thart ar an domhan mar ghrianghrafadóir faisnéise. Taiscéalann a chuid leabhar saincheisteanna amhail *Oibrithe* agus *Imircí*.

Dearadh Tríthoiseach

Déantar siombailí íocónacha taistil de mhoil iompair amhail aerfoirt agus stáisiúin traenach. Is stáisiún ceann aistir é d'*Eurostar* i Londain é an stáisiún neo-Ghotach **St Pancras International** i Londain a thógann taistealaithe go díreach go dtí Páras. Beidh an **Spaceport America** le **Foster + Partners** ar an chéad ceann aistir spáis ar an domhan do thurasóirí. Ceanglaítear iompar agus dídean le chéile in **Topeak Bikamper Tent** ach is féidir úsáid a bhaint as **Sealander** ar thalamh nó ar uisce a chuireann ar chumas taistealaithe bogadh go furasta idir suíomhanna éagsúla. Tá an carr coincheapa **CLEVER** le **BMW** deartha don tiomáint i gcathracha.

Is iomaí ailtire a dhear struchtúir do *International Expos* nó *World Fairs*. Maireann an 1929 **Barcelona Pavilion** le **Mies van der Rohe** agus an **Habitat 67** le **Moshe Safdie** mar chruthúnas buan ar na himeachtaí sin. Tagraíonn an 2018 **Serpentine Pavilion** le **Frida Escobedo** d'oidhreacht ailtireachta Mheicsiceo agus na Breataine araon. Cothaíonn ailtireacht orgánach comhréiteach idir struchtúir de dhéantús an duine agus an suíomh nádúrtha atá acu. Bhí an **Norwegian Wild Reindeer Pavilion** le **Snøhetta** spreagtha ag an timpeallacht nádúrtha, ag cur fráma thart ar na radhairc mhórthaibhseacha sléibhe atá ar an tsuíomh.

Faigheann cuid mhór ceardaithe inspioráid óna suíomh. Faigheann **Ewen Henderson** inspioráid ón spéis atá aige i dtírdhreacha uirbeacha agus i dtírdhreacha nádúrtha. Faigheann **Sara Gunn** inspioráid dá seodra ó thírdhreach uirbeach London. Is féidir cuid mhór a fhoghlaim faoi sheanchultúir nuair a thagtar ar dhéantáin ársa amhail **The Brighter Hoard**. Bailíonn ceirmeoir **Patricia Millar** ábhair ó shuíomh le saothar a dhéanamh atá spreagtha ag na himeallbhoird ar Leithinis na hArda. Is é a ghairdín líonta le bláthanna an tionchar is mó atá ar dhearaí an haitéara **William Chambers**. Dearann **Martha Schwartz** spásanna comhaimseartha taobh amuigh faoi choinne cathracha.

Ligeann an fearas cinn de réaltacht fhíorúil ó **Oculus Rift** do chaiteoirí suíomhanna a thaiscéaladh gan a bheith ansin go fisiciúil. Teilgeann an **Blaze Laserlight** íomhá de rothar ar an bhóthar ar aghaidh ionas go gcuirfead úsáideoirí eile bóthar ar a n-airdeall faoi shuíomh an rothaí. Réitigh **Ríomhaire Rosta** le **Lisa Krohn** an bealach do theicneolaíocht chliste rosta, ag úsáid GPS le heolas a thabhairt d'úsáideoirí faoin tsuíomh ina bhfuil siad.

Cumann dearthóirí dearáí do throscán mar a mbíonn an t-úsáideoir lonnaithe taobh istigh den dearadh. Dhear **Günter Ferdinand Ris** an chathaoir **Sunball** le lonnú sa ghairdín, ag timpeallú an úsáideora, agus ag cur scáth agus foscadh ar fáil. Cuireann an cochall feilte **Hush** le **Freyja Sewell** spás ciúin príobháideach ar fáil don úsáideoir le hobair nó le scíth a dhéanamh. Choimisiúnaigh **IKEA** dearthóirí le bailiúchán táirgí **PS 2014 On The Move** a chruthú a bheadh iniompartha agus solúbtha do dhaoine óga cathrach a bhíonn ag bogadh go rialta idir cóiríocht ar cíós.

Teicstílí

Cruthaíonn ealaíontóirí saothar ó theicstílí atá spreagtha ag suíomhanna éagsúla. Tá léarscáileanna agus íomhánna ailtireachta mar chuid den teicstíl **A Sense of Place** le **Wendy Dolan**. Tháinig **Chiharu Shiota** suiteáil teicstíle **Beyond Time** don tSéipéal Sheoirseach den *Yorkshire Sculpture Park*. Táirgeann Sue Stone íomhánna bróidnithe atá bunaithe ar a taithí ar ag teacht i méadaíocht in Grimsby. Taiscéalann bratacha síoda priontáilte de chuid **Caitlin Hinshelwood** na pobail stairiúla fíodóireachta i dTuaisceart Éireann agus Sasana Thiar Thuaidh.

Spreagann an timpeallacht nádúrtha cuid mhór ealaíontóirí a oibríonn le fabraic. Cruthaíonn **Alison Holt** tírdhreacha an-mhionsonraithe ar shíoda priontáilte ag baint úsáid as bróidnéireacht innill. Taiscéalann cuilteanna **Pauline Burbidge** tírdhreacha teaghlaigh agus nádúrtha. Ba mhinic na plandaí agus na héin ina ghairdín a spreag dearáí teicstíle agus fíodóireachta le **William Morris**. Maireann an dearadh bláthach **Unikko** le **Maija Isola** do **Marimekko** ar feadh níos mó ná 50 bliain. Cruthaíonn **Hannah Streefkerk** suiteálacha bróidnithe agus cróiseáilte sa timpeallacht nádúrtha.

Baineann fabraicí cliste úsáid as teicneolaíocht le dul in oiriúint do theochtaí atá ag athrú ar shuíomhanna éagsúla. Baineann lucht treibhe dúchais úsáid as seithí ainmhithe lena gcosaint ar an fhuacht. D'imir feisteas traidisiúnta Ionúiteach agus Bundúchasach Meiriceánach tionchar ar an bhailiúchán **Autumn 2015 ready-to-wear** de chuid **Dsquared2**. Thaispeáin an bailiúchán **Autumn 2000 ready-to-wear** le **Yohji Yamamoto** seithí ainmhithe i ndearáí a chuirfeadh stíl éadaí de chuid na Mongóile i gcuimhne duit. Dhear **Michele Clapton** na feistis do **Game of Thrones**, ag cruthú cóta drámatúil d'fhionnadh bán don charachtar Daenerys Targaryen nuair a thaistil sí go dtí aeráidí níos fuaire in *Westeros*.

Is minic a bhaineann fabraicí leis na tíortha ar tháinig siad astu ó thús. Baineann **Deborah Toner** úsáid as línéadach ó Éirinn ina líníochtaí ailtireachta bróidnithe de shuíomhanna amhail Béal Feirste agus Baile Átha Cliath. Bhain an t-ealaíontóir Seiricíoch **Shan Goshorn** úsáid as teicnící traidisiúnta d'fhíodóireacht ciseán leis na saincheisteanna a bhaineann le cultúr Bundúchasach Meiriceánach a fhiosrú. Phostáil baill d'fhórsaí armtha na Breataine agus Mheiriceá **WW1 Silks**, cártaí poist a bhróidnigh mná na Fraince agus na Beilge, abhaile le linn an chéad chogaidh dhomhanda. Leanann dearáí priontphatrún céarach de chuid na hAfraice ar aghaidh leis an fhorbairt ar dhearáí comhaimseartha.

D'oibrigh an cniotálaí **Nina Dodd** i gcuideachta **Joseph Ford**, an grianghrafadóir, leis na portráidí **Knitted Camouflage** a chruthú. Baineann **Mary Ashkanian** úsáid as bróidnéireacht ar cheannadhairteanna déanta de láimh le híomhánna ar nós sceitsí a léiríonn an áit ar chodail na codlatáin i **Sleep Series**. Cruthaíonn **Eszter Bornemisza** fíor léarscáileanna agus léarscáileanna samhailteacha as páipéar agus teicstílí athchúrsáilte.

Bíonn stíl d'Éide Náisiúnta nó Feisteas Tíre dá gcuid féin ag tíortha agus grúpaí cultúrtha éagsúla. Dhear **Stella McCartney** i gcomhar le Adidas an feisteas do **Team GB** do na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha in Rio in 2016. Fuair **Matthew Williamson** spreagadh ó éide náisiúnta na hAetóipe dá bhailiúchán **SS08**. Ba é éide náisiúnta na Pacastáine a spreag bailiúchán na bhfear **SS16** le **Versace**. Dhear **Laurence Xu** cultacha le móitífeanna traidisiúnta Síneacha do *Hainan Airlines* sa tSín.

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.